Dáta an Leagain seo den Fhoirm: 08/2015

PV 4

CLÁR NA dTOGHTHÓIRÍ

Iarratas ar ainm a chur san áireamh san Fhorlíonadh a ghabhann le Liosta na bPostvótálaithe Daoine atá fostaithe ag Cinn Chomhairimh

Léigh na nótaí go cúramach, le do thoil, sula gcomhlánóidh tú an fhoirm.

Cuid A – Mionsonraí faoin Iarratasóir

1.	Ainm: **(bloclitreacha)**	
	[Cuir isteach mionsonraí eile, le do thoil, amhail Mór, Beag, ainm eile nó túslitir, má tá duine eile ag a bhfuil an túsainm nó an sloinneadh céanna ina chónaí nó ina cónaí ag an seoladh céanna.]	
2.	Seoladh: **(bloclitreacha)**	
	Eircode:	☐☐☐☐☐☐☐
3.	Dáta Breithe:	

4.	Creidim go bhfuil an fhaisnéis atá tugtha agam fíor agus tá iarratas á dhéanamh agam chun m'ainm a chur san áireamh san Fhorlíonadh a ghabhann le Liosta na bPostvótálaithe mar thoradh ar m'fhostaíocht i ndáilcheantar/dtoghlach _____ (ainm an dáilcheantair/toghlaigh).	
	Síniú an Iarratasóra:	
	Dáta:	
	Uimhir theileafóin i rith an lae/ Uimhir Fóin Póca:	
	Ríomhphost:	

Cuid B – Le comhlánú ag an gCeann Comhairimh

Deimhním leis seo go mbeidh an duine thuasainmnithe ar fostú agam mar _____

_____

ar an lá vótaíochta agus nach mbeidh sé/sí in ann, de bhua imthosca na fostaíochta sin, vóta a chaitheamh i bpearsa sa stáisiún vótaíochta sa dáilcheantar/toghlach ina mbeadh sé/sí i dteideal vóta a chaitheamh murach sin.

Síniú an Chinn Comhairimh:	
Dáilcheantar/Toghlach	
Dáta:	

NOTAÍ A GHABHANN LE FOIRM PV4

Iarratas ar ainm a chur san aireamh san Fhorlíonadh a ghabhann le Liosta na bPostvótálaithe Daoine atá fostaithe ag Cinn Chomhairimh

1. Is é is cuspóir don fhoirm seo ná an bealach a réiteach do vótálaithe a bheidh ar fostú ag Ceann Comhairimh i ndáilcheantar/dtoghlach seachas an ceann ina bhfuil gnáthchónaí orthu agus ar mian leo a n-ainm a chur san áireamh san fhorlíonadh a ghabhann le liosta na bpostvótálaithe.

   Cé nach bhfuil aon srianta ann i dtaobh cathain a fhéadfar an fhoirm a chomhlánú agus a chur ar ais chuig an údarás clárúcháin, is ceart an fhoirm a chomhlánú agus a chur ar ais, a luaithe is féidir, chuig an gComhairle Cathrach, chuig an gComhairle Contae nó chuig an gComhairle Cathrach agus Contae ar ina limistéir a chónaíonn tú.

2. Le gur féidir d'ainm a chur san áireamh san fhorlíonadh a ghabhann le liosta bpostvótálaithe mar thoradh ar d'fhostaíocht ag ceann comhairimh, ní mór:

   - d'ainm a bheith san áireamh cheana féin i gclár do dháilcheantair/thoghlaigh féin, agus
   - nach mbeidh tú in ann vóta a chaitheamh i bpearsa sa dáilcheantar/toghlach ag an stáisiún vótaíochta ina gcaitheann tú vóta de ghnáth mar thoradh ar d'fhostaíocht ar an lá vótaíochta ag an gceann comhairimh.

3. Ní mór do gach duine a dhéanann iarratas ar a ainm/hainm a chur san áireamh san fhorlíonadh mar thoradh ar a fhostaíocht/fostaíocht ag ceann comhairimh foirm ar leithligh a chomhlánú agus a shíniú.

4. **Eircode**

   Is é atá in Eircode ná an córas náisiúnta postchód in Éirinn agus cuimsíonn sé postchód uathúil 7 ndigit atá sannta do gach seoladh dá bhfuil ann in Éirinn.

5. Tá mionsonraí teagmhála á lorg ar eagla gur gá don údarás clárúcháin teagmháil a dhéanamh leat chun aon mhionsonraí atá ann san iarratas a shoiléiriú.

6. Is cion é mainneachtain aon fhaisnéis a theastaíonn ón údarás clárúcháin chun críche a ndualgas a thabhairt don údarás nó don chláraitheoir sin nó faisnéis bhréagach a thabhairt go feasach.